

Dréacht

IONSTRAIMÍ REACTÚLA

I.R. Uimh. [] de 2017

Fodhlíthe an Údaráis Náisiúnta Iompair(Seirbhísí Iompair Phoiblí do Phaisinéirí), 2017

FODHLÍTHE AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR
(SEIRBHÍSÍ IOMPAIR PHOIBLÍ DO PHAISINÉIRÍ), 2017

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 56A den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, tar éis toiliú roimh ré an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a fháil de réir alt 56A(8) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (Uimh. 15 de 2008) leis na Fodhlíthe seo a dhéanamh, déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair, leis seo, na Fodhlíthe seo a leanas.

LUA AGUS TOSACH FEIDHME

1. (1) Fodhlíthe an Údaráis Náisiúnta Iompair (Seirbhísí Iompair Phoiblí do Phaisinéirí), 2017 is teideal do na Fodhlíthe seo.
 - (2) [*Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i ngníomh an [cuir isteach an dáta].*]
 - (3) Tá feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir le gach seirbhís bus phoiblí nó seirbhísí coimhdeacha iompair phoiblí do phaisinéirí arna n-áirithiú ag an Údarás Náisiúnta Iompair de bhun Alt 48 nó Alt 52 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (Uimh. 15 de 2008) seachas na seirbhísí sin arna ndámhachtain de bhun Alt 52 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 mar chonarthaí dír-dhámhachtana do Bhus Éireann – Irish Bus agus Bus Átha Cliath.

LÉIRIÚ

2. (1) Sna Fodhlíthe seo -

ciallaíonn “táille chuí” cibé muirir a shocróidh an tÚdarás agus a fhoilseoidh an t-oibritheoir ó am go ham i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste a iompar;

ciallaíonn “duine údaraithe” aon duine a cheapfar agus a ghníomhóidh mar dhuine údaraithe de réir Alt 56B den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 (Uimh. 15 de 2008);

ciallaíonn “bagáiste” ítim bagáiste i dteannta paisinéir ar fheithicil nó arna hiompar thar ceann paisinéara in urrann bhagáiste feithicle;

ciallaíonn “stad bus” áit staid ainmnithe (cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar é a chur i bhfios le comhartha arna chur suas ag an oibritheoir nó ag an Údarás Náisiúnta Iompair nó thar ceann an oibritheora nó an Údaráis Náisiúnta Iompair) ag a bhféadfaidh paisinéirí dul ar bord feithicle nó tuirlingt díobh;

tá le “druga rialaithe” an bhrí chéanna atá leis in alt 2 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 (Uimh. 12 de 1977);

ciallaíonn “meisce” a bheith faoi bhrí mheisciúil aon dí alcólaí, druga rialaithe, tuaslagóra nó aon substainte eile nó teaglama de shubstaintí;

tá le “mórfheithicil seirbhíse poiblí” an bhrí chéanna atá leis in alt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24 de 1961);

ciallaíonn “cárta Leap” ticéad lena stóráiltear luach taistil go leictreonach agus a eisítear i dtaca le scéim ticéadaithe chomhtháite arna déanamh faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008;

ciallaíonn “oibritheoir” aon duine ón Údarás Náisiúnta Iompair agus cibé duine eile lena mbeidh socruithe faoi Alt 48 nó Alt 52, de réir mar is infheidhme, den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 déanta ag an Údarás ó am go ham, chun seirbhís bus phoiblí nó seirbhís choimhdeach iompair phoiblí do phaisinéirí a sholáthar seachas Bus Éireann – Irish Bus nó Bus Átha Cliath a mhéid atá ceachtar díobh ag soláthar seirbhísí bus poiblí de bhun conarthaí dír-dhámhachtana arna ndéanamh de bhun Alt 52 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008;

ciallaíonn “paisinéir” duine (gan duine freagrach a áireamh) a bheidh ag taisteal ar fheithicil agus folaíonn sé paisinéir beartaithe;

foláíonn “íoc”, i ndáil le táille, bailíochtú le cárta Leap réamhíoctha de réir Fhodhlí 19;

ciallaíonn “duine freagrach” aon oifigeach, fostaí nó gníomhaire ag gníomhú i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais maidir le seirbhísí do phaisinéirí a sholáthar nó i dtaca leis an gcéanna, aon duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána a n-iarrfaidh duine freagrach nó duine údaraithe air nó uirthi teacht i láthair;

ciallaíonn “táille chaighdeánach” íocaíocht sheasta atá iníoctha leis an Údarás de bhun Alt 56D den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008 agus arb é €100;

ciallaíonn “ticéad” aon ticéad, doiciméad nó modh leictreonach chun luach taistil a stóráil arna eisiúint i leith paisinéir a iompar ag an oibritheoir, ag fochonraitheoir thar ceann an oibritheora, ag comhlach de chuid an oibritheora i dtaca le seirbhísí arna n-oibriú i gcomhpháirt a sholáthar agus folaíonn sé, go háirithe, ach gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, cárta Leap, ticéid Tax saver, ticéad comaitéara, pas saorthaistil, ticéad pribhléide, nó aon dearbhán, cárta aitheantais, deimhniú, deimhniú leictreonach nó údarás comhchosúil eile mar mhalairt ar thicéad i leith paisinéir a iompar, nó a bhféadfar ticéad i leith paisinéir a iompar a eisiúint ar é a thabhairt ar aird;

ciallaíonn “ticéad bailí” ticéad a chomhlíonann na Fodhlíthe seo agus a mbeidh táille chuí íoctha ina leith maidir leis an turas a bheidh le déanamh;

ciallaíonn “feithicil” mórfheithicil seirbhíse poiblí atá in úsáid ag an oibritheoir nó mórfheithicil seirbhíse poiblí atá ar fruilíú don oibritheoir agus á húsáid aige nó aici, i gceachtar cás, chun seirbhísí bus poiblí nó seirbhísí coimhdeacha iompair phoiblí do phaisinéirí a sholáthar.

(2) Aon tagairt d’fheithicil, más infheidhme, déanfar í a léamh mar thagairt d’fheithicil arna hoibriú ag gníomhaire údaraithe nó fochonraitheoir don oibritheoir agus thar ceann an oibritheora is cuma an mbeidh nó nach mbeidh an feithicil sin sainaitheanta amhlaidh go sonrath.

DUL AR BORD FEITHICILE NÓ TUURLINGT DI

3.Ní dhéanfaidh duine -

- (a) aon bhealach isteach ar fheithicil a úsáid chun aon chríoch seachas dul ar bord na feithicle,
- (b) aon bhealach amach as feithicil a úsáid chun aon chríoch seachas tuirlingt den fheithicil, nó
- (c) aon bhealach amach éigeandála ar fheithicil a úsáid chun aon chríoch seachas tuirlingt den fheithicil in éigeandáil, seachas chun dul ar bord na feithicle nó chun tuirlingt den fheithicil má ordaítear amhlaidh dó nó di nó má cheadaíonn duine freagrach dó nó di é thairis sin.

4. Ní dhéanfaidh duine (seachas duine freagrach) doras feithicle a oscailt ach amháin i gcás tionóisce nó éigeandála.
5. Ní sheasfaidh duine (seachas duine freagrach), ná ní dhéanfaidh sé nó sí iarracht seasamh, ar chéimeanna feithicle le linn di a bheith ag gluaiseacht.
6. Ní dhéanfaidh duine (seachas duine freagrach) dul ar bord feithicle nó tuirlingt di, ná ní dhéanfaidh sé nó sí iarracht dul ar bord feithicle nó tuirlingt di, le linn di a bheith ag gluaiseacht nó idir stadanna.
7. Ní dhéanfaidh duine iarracht dul ar bord feithicle nó tuirlingt di tar éis do na doirse do thosach ag dúnadh.

8. Ní dhéanfaidh duine dul ar bord feithicle nó tuirlingt di, ná ní dhéanfaidh sé nó sí iarracht dul ar bord feithicle nó tuirlingt di, fad a bheidh rampa cathaoireach rothaí á shíneadh nó á astarraingt.

9. Ní chuirfidh duine isteach ar oibriú ardaitheora cathaoireach rothaí.

10. I gcás go mbeidh fógraí ar taispeáint ar fheithicil lena gcuirtear in iúl go bhfuil doras ar an bhfeithicil le húsáid mar bhealach isteach agus doras eile ar an bhfeithicil le húsáid mar bhealach amach, ní dhéanfaidh duine (seachas i gcás tionóisce nó éigeandála eile nó le toiliú ó dhuine freagrach) -

(a) tuirlingt, nó iarracht a dhéanamh tuirlingt, den fheithicil tríd an doras lena gcuirtear bealach isteach in iúl, nó

(b) dul ar bord, nó iarracht a dhéanamh dul ar bord, na feithicle tríd an doras lena gcuirtear bealach amach in iúl.

11. I gcás go mbeidh an líon iomlán paisinéirí a cheadaítear i bhfeithicil, ní dhéanfaidh aon phaisinéir eile dul ar bord na feithicle ná fanacht ar an bhfeithicil agus fágfaidh aon phaisinéir eile den sórt sin an fheithicil ar iarraidh ó dhuine freagrach.

12. (1) Rachaidh gach duine i scuaine ar mhodh ordúil ag stad bus.

(2) I gcás go mbeidh duine freagrach ag déanamh rialáil ar dhul ar bord feithicle agus ar thuirlingt di, déanfaidh gach duine, ar stad bus a shroicheadh, dul chuig cúl na scuaine cuí, gluaiseacht ar aghaidh ar mhodh ordúil rialta agus déanamh de réir threoracha

réasúnacha an duine fhreagraigh a bheidh ag rialáil na scuaine, agus mura mbeidh duine freagrach den sórt sin ann, déanamh de réir aon fhógraí a bheidh ar taispeánt ag an stad bus.

(3) I gcás go mbeidh paisinéir cathaoireach rothaí ag stad bus agus go gcuirfidh sé nó sí in iúl gur mian leis nó léi dul ar bord an bhus, rachaidh sé nó sí ar bord roimh phaisinéirí eile.

(4) I gcás go mbeidh paisinéir cathaoireach rothaí tar éis dul ar bord an bhus, imeoidh gach paisinéir a bheidh ag seasamh as an spás cathaoireacha rothaí chun ligean don úsáideoir cathaoireach rothaí lonnú go sábháilte ar an mbus.

13. (1) Tá sé de cheart ag an oibritheoir (nó duine freagrach thar a cheann) cead isteach i bhfeithicil atá á húsáid ag an oibritheoir a dhiúltú d'aon phaisinéir nó duine eile atá, nó ar dealraitheach é nó í a bheith, i dtuairim tiománaí nó duine fhreagraigh, ag sárú aon cheann de na Fodhlíthe seo, nó é nó í a aistriú as an bhfeithicil.

(2) I gcás go ndiúltófar cead isteach i bhfeithicil atá á húsáid ag an oibritheoir do phaisinéir nó duine eile, nó go n-aistreofar as an bhfeithicil é nó í, faoi mhír (1) -

(a) ní bheidh an paisinéir nó an duine sin i dteideal aon aisíocaíocht nó cúiteamh ón oibritheoir (nó, mura céanna iad, ón Údarás Náisiúnta Iompair), agus

(b) ní bheidh an t-oibritheoir nó, mura céanna iad, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, faoi dhliteanas ar bith i leith an phaisinéara nó an duine eile sin maidir leis an diúltú nó leis an aistriú sin, de réir mar a bheidh.

TÁILLÍ AGUS TICÉID

14. Beidh ticéad bailí reatha i seilbh gach paisinéara lena dtabharfar teideal dóibh taisteal.
15. Déanfaidh gach paisinéir, má iarrann duine freagrach air nó uirthi déanamh amhlaidh, a thicéad nó a ticéad bailí le haghaidh an taistil go léir idir a phointe bordála nó a pointe bordála agus a phointe tuirlingthe nó a pointe tuirlingthe a thabhairt ar aird.
16. Déanfaidh gach paisinéir a bheidh ag taisteal le ticéad a gceanglaítear grianghraf a bheith air, a chinntiú go mbeidh an grianghraf sin ar taispeáint i gceart gach tráth.
17. Má éilíonn paisinéir go bhfuil sé nó sí i dteideal taisteal ar ráta lamháltais tabharfaidh an paisinéir fianaise ar aird ar a incháilitheacht nó a hincháilitheacht chun taisteal ar an ráta a éilítear.
18. Déanfaidh gach paisinéir, le linn dó nó di dul ar bord feithicle arna hoibriú ag tiománaí -
 - (a) a cheann scríbe nó a ceann scríbe beartaithe a chur in iúl don tiománaí,
 - (b) an táille chuí a íoc (seachas i gcás ina mbeidh ticéad bailí i seilbh an phaisinéara cheana féin) agus a chinntiú go mbeidh ticéad bailí eisithe chuige nó chuici agus an ticéad sin a choimeád, agus
 - (c) a thicéad nó a ticéad a thabhairt ar aird lena iniúchadh ag duine freagrach aon tráth a iarrfaidh an duine sin amhlaidh agus an turas atá déanta aige nó aici nó atá beartaithe aige nó aici a dhéanamh agus an

áit ina ndeachaigh sé nó sí ar bord na feithicle a chur in iúl don duine freagrach.

19. (1) Déanfaidh gach paisinéir, ar dhul ar bord feithicle a bheidh oiriúnaithe chun táillí a bhailiú go huathoibríoch (seachas i gcás ina mbeidh ticéad bailí i seilbh an phaisinéara cheana féin) an táille chuí i leith an turais a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh a íoc -

- (a) tríd an airgead nó an airíocht is gá chun an táille chuí a íoc as a iompar nó a hiompar a chur isteach in aon trealamh bailiúcháin táillí a sholáthrófar san fheithicil nó i dtimpeallacht na feithicle agus a chinntiú go ndéanfar ticéad bailí a eisiúint chuige nó chuici agus an ticéad sin a choimeád, nó
- (b) trí chárta Leap réamhíoctha a bhailíochtú trí thadhall a dhéanamh leis an targaid léitheora cártaí Leap.

(2) Déanfaidh aon phaisinéir faoi fho-alt (1) a thicéad nó a ticéad a thabhairt ar aird lena iniúchadh ag duine freagrach aon uair a iarrfaidh duine den sórt sin air nó uirthi déanamh amhlaidh, agus an áit inar bhordáil sé nó sí an fheithicil agus an turas atá déanta aige nó aici nó a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh a chur in iúl don duine freagrach.

20. Féadfaidh an t-oibritheoir nósanna imeachta speisialta a shonrú a mbeidh feidhm acu maidir le cineálacha áirithe ticéad a bhailíochtú agus déanfaidh gach paisinéir, i gcás go mbeidh nósanna imeachta speisialta den sórt sin ann, na nósanna imeachta sin a chomhlíonadh de réir treoracha a fhoilseoidh an t-oibritheoir.

21. (1) Gach paisinéir nach mbeidh ticéad bailí ina sheilbh nó ina seilbh agus é nó í ag dul ar bord feithicle, tiocfaidh sé nó sí faoi dhliteanas táille chaighdeánach a íoc, agus íocfaidh sé nó sí í.

(2) I gcás go bhfaighidh duine freagrach aon duine gan ticéad bailí ar fheithicil, déanfaidh an duine, ar iarraidh ón duine freagrach, an táille chaighdeánach a íoc leis an Údarás laistigh de thréimhse 21 lá ó dháta na hiarrata agus beidh an táille sin inghnóthaithe ag an oibritheoir ón duine mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

22. Ní dhéanfaidh paisinéir ticéad a bhrionnú, a athrú, a aghlot, a lot nó a dhíothú.

23. Ní dhéanfaidh paisinéir ticéad a bheidh brionnaithe, athraithe, aghloite nó loite a úsáid ná iarracht a dhéanamh é a úsáid.

24. Ní dhéanfaidh duine ticéad a aistriú chuig duine eile nó a thairiscint do dhuine eile nó a sheachadadh ar dhuine eile chun a chumasú don duine eile sin taisteal ar fheithicil gan an táille chúí a íoc.

25. Ní dhéanfaidh paisinéir ticéad arna eisiúint lena úsáid ag duine eile agus nach bhfuil inaistrithe a úsáid ná iarracht a dhéanamh é a úsáid.

26. Ní dhéanfaidh paisinéir ticéad atá neamhbhailí de bhíthin é a bheith úsáidte roimhe sin nó de bhíthin an tréimhse a bheidh sonraithe chun é a úsáid a bheith imithe in éag a úsáid ná iarracht a dhéanamh é a úsáid.

27. Fanfaidh ticéad ina mhaoin de chuid an oibritheora a d'eisigh é agus géillfidh paisinéir nó duine é má cheanglaíonn duine freagrach air nó uirthi déanamh amhlaidh.

IOMPAR LE DAOINE FREAGRACHA.

28. Ní dhéanfaidh duine a bheidh ag stad bus nó ar fheithicil, go toiliúil, cosc nó bac a chur ar dhuine freagrach nó ní chuirfidh sé nó sí isteach air nó uirthi.

29. Le linn d'fheithicil a bheith ag gluaiseacht, ní labhróidh duine le tiománaí na feithicle, ní chuirfidh sé nó sí cosc ar a radharc nó ní dhéanfaidh sé nó sí a aird nó a haird a bhaint ar shlí eile gan chúis réasúnach.

30. (1) Ní dhéanfaidh duine, trí chomhartha nó trí thásc eile, a chur faoi deara do thiománaí an fheithicil a stopadh ach amháin chun a chumasú don duine dul ar bord na feithicle, no turlingt di, ag stad bus.

(2) Ní thabharfaidh duine aon chomhartha nó aon tásc eile a bhféadfadh an tiománaí a thuiscint le réasún gur chomhartha é an fheithicil a stopadh in éigeandáil ach amháin i gcás tionóisce nó éigeandála.

CUR ISTEACH AR FHEITHICLÍ

31. Ní rachaidh duine i dteagmháil le hinneall, fearas stiúrtha nó aon chuid de mheicníocht rialaithe feithicle ná ní chuirfidh sé nó sí isteach ar an gcéanna.

32. Ní rachaidh duine i dteagmháil le gaireas ticéadaithe nó le haon chuid de mheicníocht ticéadaithe feithicle ach amháin chun ticéad a bhailíochtú.

33. Ní dhéanfaidh duine, go toiliúil, feithicil nó aon chuid d'fheithicil a shalú.
34. Ní dhéanfaidh duine aon fheistis, troscán, maisiúcháin, trealamh, fógra, fógrán, uimhir, figiúr nó litir ar fheithicil a bhriseadh, a ghearradh, a scríobadh, a stróiceadh, a shalú, a aghlot nó a dhamáistiú nó aon airteagal nó rud den sórt sin a bhaint nó a dhícheangal.
35. Ní dhéanfaidh duine aon chuid d'fheithicil nó aon mhaoín ar fheithicil a aghlot nó a dhamáistiú.
36. Aon duine a mbeidh a chuid éadach nó oiriúintí nó a cuid éadach nó oiriúintí i riocht a bhféadfaí a mheas le réasún a bheith tarcaisneach do phaisinéirí eile, nó ar dóigh dóibh líneáil nó cúisíní suíochán feithicle nó éadach nó bagáiste de chuid aon phaisinéir a shalú nó dochar a dhéanamh dóibh, ní rachaidh sé nó sí ar bord ná ní fhanfaidh sé nó sí in aon fheithicil mura n-údaróidh duine freagrach dó nó di déanamh amhlaidh.

ÍTÍMÍ TOIRMISCTHE

37. (1) Ní dhéanfaidh duine, ná ní chuirfidh duine faoi deara go ndéanfar, aon éan, ainmhí, airteagal nó rud, ar de chineál é, i dtuairim an duine fhreagraigh, ar dóigh dó a bheith ina chúis le bearrán nó damáiste d'aon phaisinéir nó do dhamáiste d'aon mhaoín, a thabhairt ar bord ar aon fheithicil má iarrann duine freagrach air nó uirthi gan déanamh amhlaidh.
- (2) D'ainneoin mhír (1) féadfaidh duine madra treorach nó madra cuidithe a bheidh ag tionlacan daoine faoi mhíchumas a thabhairt ar aon fheithicil nó a chur faoi deara go dtabharfar é ar bord ar aon fheithicil.

38. Ní dhéanfaidh duine, ná ní chuirfidh duine faoi deara go ndéanfar (ach amháin comhalta de na Fórsaí Cosanta nó den Gharda Síochána ag gníomhú dó nó di i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais), arm d'aon chineál nó aon phléascán inlasta nó aon ghás creimneach nó aon bhiotáille nó substaint chreimneach a thabhairt ar bord feithicle.

39. Ní dhéanfaidh duine, ná ní chuirfidh duine faoi deara go ndéanfar, aon airteagal nó rud, lena n-airítear alcól, atá contúirteach nó a d'fhéadfadh teacht chun bheith contúirteach, nó a bhféadfaí a mheas le réasún a bheith tarcaisneach d'aon duine nó d'aon mhaoín a thabhairt ar bord feithicle.

40. Ní dhéanfaidh duine, ná ní chuirfidh duine faoi deara go ndéanfar, aon druga rialaithe a thabhairt ar bord feithicle.

41. I gcás go mainneoidh duine a bhfuil aon cheann d'Fhodlíthe 37(1), 38,39 nó 40 sáraithe aige nó aici, ar iarraidh ó dhuine freagrach, aon airteagal nó rud lena mbaineann an Fodhlí sin a aistriú as an bhfeithicil láithreach, féadfaidh an duine freagrach an t-airteagal nó an rud sin a aistriú as an bhfeithicil nó féadfar é a aistriú as an bhfeithicil ar threoir ó dhuine freagrach.

IOMPAR PAISINÉIRÍ

42. Déanfaidh gach paisinéir fógra dlíthiúil nó treoir dhlíthiúil a thabharfaidh duine freagrach dó nó di agus a bhaineann leis nó léi a chomhlíonadh, lena n-airítear iarraidh feithicil a fhágáil nó gan dul ar bord feithicle.

43. Ní dhéanfaidh paisinéir -

- (a) taisteal ar dheic uachtair feithicil dhá urláir mura n-áitíonn sé nó sí suíochán arna sholáthar chun na críche sin,
- (b) taisteal ar staighre feithicle, ná
- (c) taisteal ar aon chuid d'fheithicil nach soláthraítear chun paisinéirí a iompar.

44. Aon duine a bheidh, i dtuairim duine fhreagraigh, ar meisce nó i riocht mí-oiriúnach nó míchuí thairis sin, ní rachaidh sé nó sí ar bord, ní dhéanfaidh sé nó sí iarracht dul ar bord ná ní fhanfaidh sé nó sí ar fheithicil.

45. Ní dhéanfaidh paisinéir a chosa nó a cosa a chur ar shuíochán ach amháin le cead ó dhuine freagrach.

46. Ní dhéanfaidh paisinéir deochanna alcólacha, deochanna te nó bia te a thomhailt ar bord feithicle.

47. Ní bheidh aon bhuidéal oscailte, nó aon choimeádán, deochanna meisciúla i seilbh paisinéara.

48. Ní ghlacfaidh paisinéir aon druga rialaithe le linn dó nó di a bheith ar bord feithicle.

49. Ní dhéanfaidh paisinéir smugairle a chaitheamh i bhfeithicil nó as feithicil.

50. Ní dhéanfaidh paisinéir píopa, toitín, todóg nó toitín leictreonach lasta a chaitheamh nó a iompar i bhfeithicil nó in aon chuid d'fheithicil.

51. Ní dhéanfaidh paisinéir aon bhruscar, cipín lasta, toitín, todóg, guma coganta nó substaint eile a chaitheamh nó a thaisceadh ar fheithicil ach amháin i ngabhdán a sholáthrófar go sainráite chun na críche sin.
52. Ní dhéanfaidh duine aon airteagal nó rud a chaitheamh nó a ligean aniar as feithicil nó aon airteagal nó rud a chaitheamh le feithicil.
53. Ní fhanfaidh duine ar fheithicil tar éis do dhuine freagrach a iarraidh air nó uirthi an fheithicil a fhágáil.
54. Ní dhéanfaidh duine doiciméad a dháileadh ar fheithicil chun faisnéis a thabhairt nó a fháil ach amháin le toiliú ó dhuine freagrach.
55. Ní dhéanfaidh duine mangaireacht, tathaint nó iarraidh ar dhéirce, luaíocht, custaiméireacht nó fostaíocht d'aon tuairisc ar bord feithicle.
56. Ní dhéanfaidh duine aon airteagal nó earraí a dhíol, nó a thaispeáint nó a thairiscint lena ndíol ar bord feithicle.
57. (1) Ní dhéanfaidh duine amhrán a chanadh, gléas ceoil nó eile a sheinm nó raidió, teilifís, seinnteoir ceirníní, téipthaiifeadán nó fearas iniompartha inchloiste a úsáid ar bord feithicle.
- (2) Ní dhéanfaidh paisinéir steiréo pearsanta, guthán póca nó deis chomhchosúil a úsáid ar chaoi a bheidh ina chúis le bearrán do phaisinéirí eile ar bord feithicle.

58. Ní chuirfidh duine isteach ar chompord ná ar chaoithiúlacht aon phaisinéir nó aon duine i bhfeithicil nó i dtimpeallacht feithicle.

59. Ní dhéanfaidh paisinéir caint bhagrach, mhaslach nó tharcaisneach nó aon chomhartha bagrach, maslach nó tarcaisneach.

60. Ní dhéanfaidh duine é nó í féin a iompar go garbh, mí-ordúil, míghéanasach nó tarcaisneach i bhfeithicil nó i dtimpeallacht feithicle.

61. Déanfaidh duine aon earra cailte a gheobhaidh sé nó sí ar bord feithicle a thabhairt suas do dhuine freagrach.

COSC AR NÚISEANNA A DHÉANAMH IN ÁITREABH NÓ AR AITREABH ATÁ Á ÁITIÚ AG AN OIBRITHEOIR

62. (1) Ní dhéanfaidh duine núis i bhfeithicil, ar fheithicil nó i dtimpeallacht feithicle nó in nó ar nó i dtimpeallacht aon mhodh seirbhísí iompair eile atá in úsáid nó le húsáid ag oibritheoir, ná cur isteach ar shlí ar bith ar an bhfeithicil nó an modh seirbhísí iompair sin.

(2) Ní dhéanfaidh duine damáiste d'aon fheithicil nó d'aon mhodh seirbhísí iompair eile atá in úsáid nó atá le húsáid ag oibritheoir.

FORÁLACHA PIONÓSACHA

63. Maidir le gach ceann de na Fodhlíthe seo ach amháin an Fodhlí seo agus Fodhlíthe 1, 13, 21(2) agus 41, is foráil phionósach é chun críocha alt 56A(9) den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008.

ARNA dTABHAIRT faoi Shéala an
ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR
[cuir isteach dáta]

Cathaoirleach, An tÚdarás Náisiúnta Iompair